# TUSA

- Cén chuma atá ar naomh?
- Cén chuma a bheadh ar náisiún coisricthe?

# AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Eaxodus 19: 3-8 | "…Beidh sibh agamsa in bhur ríocht sagart…" |
| Sailm 95: 1-7 | "…is sinne pobal a pháirce…" |
| 1 Peadar 2: 9-10 | "…anois is pobal Dé sibh…" |
| Matha 12: 46-50 | "…duine ar bith a dhéanfaidh toil m'Athar…" |

# Ábhar machnaimh

- In Eaxodus, déantar cur síos ar phobal Dé mar a bheadh "seilbh ar leithrigh", "ríocht sagart" agus "náisiún coisricthe".
- Insíonn 1 Peadar go nglaonn Dia orainn chun a bheith inár gcine tofa, inár muintir naofa, agus inár sagartacht ríoga, le go bhfógróimís a chuid éachtaí.
- I Leabhar Mhatha, deirtear gur cheart go leathfaí ár gcuid aontachta in Íosa Críost uainn féin amach.

## Smaointeachas

"Rud éigin le déanamh
duine éigin le grá a thabhairt dóibh,
rud éigin le bheith ag tnúth leis'
An tríonóid fhoirfe a thugann suaimh-
neas intinne;
cumhacht slánaithe:
cuspóir, ciall, agus ionchas,
gníomh, gean, agus réamhghabháil –
saol le Dia, go naofa coisricthe.
Ardghlaoch gan aon agó.

"Ní neart go cur le chéile"
mana ar minic é ráite inniu.
Ach baineann na deighilítí Corantacha,
le teorainneacha eile lena dtiomnú
spioradálta,
leis an toradh go ndiúltaítear do bhláth na
síochána.

Teip ghlan gan amhras.

# AN DOMHAN - Paidir

A Dhia na Trócaire, de bharr go ndearna tú cine tofa dínn,
sagartacht ríoga, agus náisiún coisricthe,
tabhair le chéile sinn,
dár gcumhdaí i dtreo go ndéanfaimid do thoil.
Guímid leis seo trí Íosa Críost, ár dTiarna.
Áiméan.

# Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Déan machnamh ar cheisteanna bia – ganntanas, an costas a bhaineann leis, agus an tslí go gcuirtear amú é go minic. Foghlaim a thuilleadh faoi thearcrochtain bia, agus bí rannpháirteach i dtograí a bhfuil de sprioc acu dul i ngleic le fadhb an ghanntanais bia, agus chun cinnteacht i dtaobh rochtain an bhia a bhaint amach.

Le chéile...a bhímid ag síorghabháil buíochais le Dia ar bhur son as an ngrásta atá bronnta aige oraibh in Íosa Críost (1 Cor 1: 4)

## TUSA

- Conas is féidir a bheith i láthair ghrásta Dé?
- Cad iad na tíolacthaí is féidir a fheiceáil in eaglaisí eile?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Deotranaimí 26: 1-11 | "Thug an Tiarna as an Éigipt amach sinn" |
| Sailm 100 | "Gabhaigí buíochas leis... móraigí a ainm" |
| Filipigh 1: 3-11 | "Gach uair dá gcuimhním oraibh gabhaim buíochas le mo Dhia" |
| Eoin 1: 1-18 | "Tháinig an grásta agus an fhírinne trí Íosa Críost" |

## Ábhar machnaimh

- In Deotranaimí, is é atá i gceist le bheith buíoch ná grásta Dé a aithint i ngach aon duine, i strainséirí san áireamh.
- San éacúiméineachas, is é atá i gceist le bheith buíoch ná sásamh a bhaint as grásta Dé faoi mar a dhéantar i bpobail Chríostaí eile.
- Táimid buíoch de na tíolacthaí a fuaireamar ó Dhia trí Íosa Críost, agus atá le haithint againn sna daoine timpeall orainn.

## Smaointeachas

Ní rachaidh an dearcadh buíoch
amú riamh.
Is ciallmhar an té
a roghnódh slí na foighne, agus
taitneamh a bhaint as an am atá
aige anois:
is mar sin a thiocfaidh deiseanna
do dhílseacht agus d'aontacht.
Is é is buíochas ann ná malartú tabhartais
ar thabhartas.
Beidh freagra le fáil ag an té
a léireoidh meas ar chách;
meabhrúchán faoin dualgas atá orainn
ina leith siúd
a bhfuilimid anseo ar a shon.

Fáisceann buíochas le chéile sinn,
le háthas faoinár ngaireacht do láthair Dé:
iomlán an tsaoil ina thíolacadh,
a bhronntar orainn ar an gcúinse
go mairimid faoin bhfírinne agus faoin
ngrásta.

## AN DOMHAN - Paidir

Gabhaimid buíochas leat, a Dhia an ghrásta,
go bhfuil do ghrásta le haithint againn ina chéile.
Go gcuire an grásta seo ar ár gcumas taitneamh
a bhaint ar an iliomad slí as an aontacht a bhronn tú orainn.
Guímid leis seo trí Íosa Críost, ár dTiarna.
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Faigh amach mar gheall ar fheachtais dhomhanda a fhéachann le hoideachas a chur ar fáil do chách. Déan do mhachnamh ar pháirt ghníomhach a ghlacadh san obair seo.

## TUSA

- An bhfuil dearmad déanta againn ar thabhartas Dé, ag gearán "nach bhfuil aon arán [againn]"?
- Cad iad na tíolacthaí (idir thíolacthaí spioradálta agus thíolachtaí coincréideacha) a d'fhéadfá a roinnt, agus conas a dhéanfá é sin?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Iób 28: 20-28 | "Féach, eagla an Tiarna an eagna,…" |
| Sailm 145: 10-21 | "Osclaíonn tú do lámh go fialmhar…" |
| Eifisigh 4: 7-13 | "…tá a thabhartas féin faighte ag gach duine ar leith againn…" |
| Marcas 8: 14-21 | "Cén fáth a bhfuil sibh ag plé an scéil gan arán a bheith agaibh" |

## Ábhar machnaimh

- Tuigeann Iób gurb é is eagna ann ná eagla a bheith air roimh an Tiarna.
- Tá tabhartas ár ndóthain againn in Íosa Críost lena chorp a neartú arís.
- Níl Críost roinnte ina choda: le chéile, tá go leor againn chun go roinnfimid é.

## Smaointeachas

Ní foláir nó tá sé ina chrá ar Dhia an béal bocht a bheith ar dhaoine! Mórtas faoi leith, i mbréagriocht na humhlaíochta! An leithscéal leisce atá i gceist leis? Ní foláir nó tá sé ina chrá ar Dhia, daoine a bheith ag maíomh maoine gan chúis, ar nós go dtéann an dá rud le chéile, margaíocht agus neamh. Ní foláir nó tá sé ina chrá ar Dhia, daoine ag déanamh stóir de shaibhreas. Imíonn muinín le sruth, gach duine ar mhaithe leis féin.

Is minic a théann tabhartas i vásta, ceal eagla an Tiarna. Ach iad siúd a bhfuil eagna agus tuiscint orthu, de thoradh uamhain agus iontais ar a gcroí, tá an corp chomh láidir, lena dtoil spioradálta.

## AN DOMHAN - Paidir

A Dhia na dílseachta, lorgaímid crógacht agus umhlaíocht ort,
i dtreo go nglacfaimid leis na tíolacthaí a bhronnann tú go fial ar do phobal,
tíolacthaí a thugann cumhacht, cneasú, agus athrú ó bhonn.
Guímid leis seo trí Íosa Críost, ár dTiarna.
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Déan do mhachnamh ar cheist an inscne, go háirithe ar an tacaíocht agus ar an gceiliúradh leanúnach atá á dtabhairt do chumas na mban.

# LÁ 4



## TUSA

- Cad iad na slite ina raibh Dia dílis leat i mbliana?
- Conas mar a spreagann dílseacht Dé tú le hobair a dhéanamh ar son na haontachta Críostaí?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Olagóin 3: 19-26 | "Tuile gan trá is ea buanghrá an Tiarna…" |
| Sailm 57: 7-11 | "Óir síneann [buanghrá Dé] chun na bhflaitheas" |
| Eabhraigh 10: 19-25 | "…is dílis an té a thug na gealltanais uaidh." |
| Lúcás 1: 67-75 | "… rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt…" |

## ÁBHAR MACHNAIMH

- Glaonn Tríonóid na haontachta sinn chun comhpháirteachais níos doimhne.
- Dearbhaíonn Zacairiá dílseacht Dé.
- Guímís le haontacht na heaglaise, agus le go mbeadh rath ar an ngrá agus ar an gceartas.

## Smaointeachas

'Is é Dia an grá' a deir siad,
gan aon chuimhneamh acu,
ar cén chiall atá leis an méid sin;
cén slonn is fearr a dhéanfadh cur síos,
ar a bhfuil i gceist leis?
Ní dhéanfaidh maoithneachas lom
an chúis:
Luíonn na hísle go humhal faoina
gcuirtear orthu.
Ach níl mórán ceartais sa ghrá,
tá sé deorach golbhéarach cladhartha,
agus níl mórán grá sa cheartas,
tá sé cruálach fuarchúiseach gan doilíos.
Ach dá gcuirfeá trócaire sa cheartas,
thiocfadh an grá ina dhiaidh sin.
Dá bhrí sin, is é trócaire an eochair.

Grá an toradh nuair a chuirtear ceartas
le trócaire,
agus is é Dia an grá.
An slonn seasta seasmhach:
is fíor dó, gach áit, i gcónaí.

## AN DOMHAN - Paidir

A Thiarna Dia,
Dúisigh sinn sa ghlaoch chun na haontachta,
agus cumhdaigh sinn sa ghlaoch chun seirbhíse,
sa tslí is gur le chéile a bheimid mar fhinnéithe do do shoiscéal
Guímid leis seo trí Íosa Críost, ár dTiarna.
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Déanann Christian Aid amach gurb í an imghabháil cánach is cúis le caillteanas $160 billiún i ngeilleagair tíortha bochta gach bliain. Ba leor an méid sin mar shu im airgid le 350,000 páiste faoi bhun cúig bliana d'aois a shabháil. Faigh amach níos mó faoi fhírinne an scéil seo, agus tabhair do chuid tacaíochta don cheartas cánach.

## TUSA

- Cén taithí atá agatsa ar chuideachta Dé?
- Cad iad na slite ina nglaonn Dia ort chun aontachta le daoine eile?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Íseáia 43: 1-7 | "…Má ghabhann tú trí uiscí doimhne, táimse leat…" |
| Sailm 133 | "…bráithre ina gcónaí le chéile!" |
| 1 Eoin 1: 3-7 | "…an tseanaithne atá agaibh ó thús…" |
| Eoin 15: 12-17 | "... thug mé cairde oraibh…" |

## Ábhar machnaimh

- Dá chóngaraí atáimid don Tríonóid, is ea is cóngaraí atáimid do bheith aontaithe.
- Mar chairde atáimid d'Íosa seachas mar shearbhóntaí, agus dar chomhartha sin, ba cheart dúinn cumhacht a sheachaint, agus an grá a lorg ina ionad.
- Bímís inar bhfínnéithe don soiscéal dóibh siúd nár chuala fós é, agus dóibh siúd a chuala.

## Smaointeachas

Dlúthchairde atá ó pháistí,
cuideachta ó sheanóirí,
an t-aon rud ón dá dhream;
gan a bheith leo féin.
Mar a chéile atá Críost,
a ghlaonn orainn chun siúil ina theannta –
ar bealach déthreomhar an chairdis.

Conas a thabharfá namhaid,
ar an té atá ina chara do Chríost?
Má tá sé maith go leor ag Críost,
nach bhfuil sé maith go leor ag
ár leithéidí?

## AN DOMHAN - Paidir

A Athair an ghrá,
a ghlaoigh sinn chun comhbhráithreachais le do mhac,
agus a cheap sinn le bheith inár bhfínnéithe don soiscéal.
Trí ghrásta do Spioraid,
cuir ar ár gcumas na deighilití a shárú,
agus féach chuige go bhfanfaimid daingean,
agus go mbeidh ár gcuid áthais iomlán.
Guímid leis seo trínár dTiarna Íosa Críost,
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Cuireann an obair i bpáirt ar ár gcumas a bheith ag foghlaim faoina chéile, agus pobal a thógáil. Smaoinigh ar pháirtíocht eaglaisí áitiúla a bhunú chun cabhrú le pobail ar fud an domhain.

## TUSA

- Déan cur síos ar easontas eaglasta goilliúnach ar tháinig athnuachan ar an strea chailt chun aontachta as a dheireadh.
- Cad iad na fadhbanna a chruthaíonn deighiltí?
- Cad iad na bealaí a théann chun aontachta?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Breithiúna 4: 1-9 | “Má théann tusa liom, rachaidh mé…” |
| Sailm 34: 1-14 | “…bí ag lorg na síochána agus lean di…” |
| 1 Corantaigh 1: 10-15 | “... dlúite le chéile ar aon aigne agus ar aon intinn...” |
| Lúcás 22: 24-30 | “D’éirigh imreas eatarthu…” |

## ÁBHAR MACHNAIMH

- Deighilití a aithint is ea an chéad chéim i leith aontacht a bhunú.
- Taispeánann Deabrá and Clóé dúinn cén gá atá le haontacht a athnuachan agus an tslí a dtagann gníomhartha coincréideacha amach as.
- An fhad atáimid ag streachailt le haontacht a bhaint amach, moltar dúinn síocháin an Tiarna a lorg.

## Smaointeachas

“Dá dteastódh do thuairim uaim, thabharfainn duit í”ní haon bhealach é sin chun aontachta, ach bóthar creagach chun coimhlinte. Is é an dearcadh stuacach gan a bheith ag glacadh le héagsúlacht, a bhrostaíonn an buama. Óir níl aon leigheas eile ar an bpléascadh, ach an éagsúlacht a aithint, agus an deis a thapú len é a laghdú.

Tá níos mó ná díreach réiteach éadoimhin ag teastáil chun éagsúlacht dhoimhin a leigheas. Tá costas ar a bheith ar aon aigne agus ar aon chuspóir,is é sin, mórtas a chur ar leataobh.

## AN DOMHAN - Paidir

A Dhia an ghrá,
nach bhfeiceann aon chiall lenár gcuid deighiltí,
scaoil chugainn do Spiorad Naomh le sinn a stiúradh,
an fhad atáimid ag féachaint le hathmhuintearas a bhaint amach.
Déan sinn a athnuachan inár n-intinn agus inár gcuspóir,
agus tabhair brí nua dúinn i gcomhair an mhisean
Guímid leis seo trínár dTiarna Íosa Críost,
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Maraíonn an mhaláire na mílte daoine gach aon lá – tá leath de dhaonra an domhain i ndaingean aici, go mór mór an leath is boichte, agus is leanaí an chuid is mó acu anuas air sin. Faigh amach conas is féidir cur in aghaidh an ghalair seo, ar féidir é a leigheas go saoráideach de ghnáth.

## TUSA

- Cad a thaispeánann duitse gur le Críost tú?
- Conas mar a chruthaíonn an frása "Is le Críost mé" deighiltí idir Críostaithe seachas iad a thabhairt le chéile?

## AN FOCAL - Léamha

| | |
|---|---|
| Íseáia 19: 19-25 | "Cuirfidh [Dia] slánaitheoir chucu…" |
| Sailm 139: 1-12 | "Cá háit a rachaidh mé ó do spiorad?" |
| 1 Corantaigh 12: 12-26 | "Má bhíonn tinneas ar bhall amháin..." |
| Marcas 9: 38-41 | "An té nach bhfuil inár n-aghaidh, tá sé ar ár son." |

## Ábhar machnaimh

- Tá an aontacht Chríostaí ina cuid de phlean Dé i gcomhair aontacht an chosmais.
- Céim riachtanach i dtreo na haontachta soiléire is ea é a bheith ag tosú ar na tabhartais a bhaineann le heaglaisí éagsúla a aithint.
- Insíonn Pól dúinn go bhfuil creideamh i bpáirt in Íosa Críost ag gach aon duine a ghlaonn ar ainm Chríost.

### Smaointeachas

Is cúng an tsamhail í aon eaglais amháin!
Is cúng an tsamhail í aon domhan amháin!
Aon chlár amháin atá sa chruthú,
clár ar a leagann Dia amach
aidhm na haontachta agus sprioc na síochána.

Is móide mar sin an dobrón,
a gcloíonn traidisiúin éagsúla leis,
ar chostas na haontachtachta.
Aon chorp amháin, go Bíobalta:
sractha as a chéile, go tubaisteach.

## AN DOMHAN - Paidir

Táimid buíoch díot, a Dhia,
go mbeannaíonn tú do gach ball de chorp Chríost,
le tíolacthaí do Spioraid.
Cabhraigh linn sásamh a bhaint as tíolacthaí thraidisiúin na n-eaglaisí éagsúla,
chun go spreagfar sinn chun gnímh ar son na haontachta Críostaí.
Áiméan.

## Imigh agus cruthaigh (see www.ctbi.org.uk/goanddo)

- Déan do mhachnamh ar an athrú aeráide, agus an tionchar atá aige ar shaol daoine ar fud an domhain. Cad a dhéanfá chun difríocht a dhéanamh?

## TUSA

- Cén tionchar ó thaobh cultúir agus staire de a d'imir seachadadh an tsoiscéil ar an tuiscint atá agatsa air inniu? An bhfuil sé sin tar éis bac a chur ar an aon tacht Chríostaí?
- Conas mar a bheimís níb fhearr mar fhínnéithe don soiscéal dá mbainfimis aontacht Chríostaí amach?

## AN FOCAL - LÉAMHA

| | |
|---|---|
| Íseáia 61: 1-4 | "Tá spiorad an Tiarna Dia orm... chun dea-scéala a bhreith liom…" |
| Sailm 145: 1-7 | "Fógrófar d'oibreacha ó ghlúin go glúin…" |
| 1 Corantaigh 15: 1-8 | "…thug mé daoibh mar chéad nithe teagasc a bhí faighte agam féin…" |
| Lúcás 4: 14-21 | "Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas…" |

## ÁBHAR MACHNAIMH

- Is é an sainordú atá faighte againn ná an dea-scéal a chomhlíon Íosa a scaipeadh.
- Tá bealach na haontachta le fáil i gcumhacht na gcroise.
- Bíonn teachtaireacht an tsoiscéil níos soiléire dúinn nuair a mhairimid faoi mar a mhair Íosa.

## SMAOINTEACHAS

Ba mhór ag na boicht déa-scéal a fháil,
seachas daoine eile a dhíshealbhú;
ba mhór ag na cimí fuascailt a fháil,
seachas daoine eile a chur i ngéibheann;
ba mhór ag na daill radharc a bheith acu,
seachas fís a bhaint de dhaoine eile;
ba mhór an ní faoiseamh a thabhairt dóibh go léir,
seachas a thuilleadh daoine a ghortú.

Ní foláir nó go mbaineannn soiscéal an Tiarna linn féin chomh maith leis féin,
an soiscéal úd ardmhaitheasa;
bainfear leas cruthaitheach go cróga as an grá seo atá leochaileach,
chun slán a fhágáil ag deighiltí an tsainchreidimh,
mar rud nár tharla ach thiar sa stair,
agus nach dtarlóidh riamh arís.

## AN DOMHAN - PAIDIR

Dhia na grás,
sheol tú do mhac faoi cheann an Spioraid,
chun do phobal a fhuascailt.
A Tabhair le chéile sinn ainneoin ár n-éagsúlachta,
agus socraigh ár n-eaglais atá roinnte ina choda,
sa tslí is go dtabharfar an domhan go léir,
chun foinse an chneasaithe, Íosa Críost.
Áiméan.

## IMIGH AGUS CRUTHAIGH (SEE WWW.CTBI.ORG.UK/GOANDDO)

- Déan do mhachnamh ar ár bhfreagracht chomhpháirteach i gcomhair na forbartha domhanda. Cén tábhacht atá le Spriocanna Forbartha na Mílaoise, agus cad iad na tosaíochtaí ba cheart a chur ar an gcéad chlár forbartha eile?